FIOSRÚ NA HITHREACH

*le **John Moreau**, Bunscoil N. Fhiontáin, Cill Fhiontáin, Baile Átha Cliath*

M
Gnéithe don Mhúinteoir

Réamhrá

Ba é Paddy Madden as Insitiúid Oideachais Marino, mo sheanoide, a mhol an ghníomhaíocht seo an chéad uair. Déanann na leanaí 'anraithe ithreach' i bpróca suibhe, ach de réir mar a shocraíonn an ithir i mbun an phróca, socraítear comhábhair na hithreach (gaineamh, siolta agus cré) i sraitheanna éagsúla. Is iomaí rogha comhtháite atá ann ar nós tábhacht na hithreach don bhfeirmeoireacht agus cosaint na hithreach mar acmhainn. D'fhéadfadh na ranganna is sine staidéar a dhéanamh ar 'Dustbowl' Mór Mheiriceá sna 1930í mar shampla den easpa cúraim a thug feirmeoirí don talamh. Anuraidh, d'iarr mé ar ranganna a 6 an céatadán cré, siota agus gainimh ina gcuid ithreach a oibriú amach mar chomhtháthú matamaiticiúil.

Cúlra

Ní heol don chuid is mó de na daoine fásta go bhfuil an ithir sa gháirdín comhdhéanta de cheithre phríomhábhar:

Is iad seo:

- Cré
- Gaineamh
- Siolta
- Húmas nó ábhar orgánach

Sa triail seo bhailigh na leanaí samplaí ithreach ar scoil agus le nós imeachta simplí roinn siad an ithir sna ceithre chomhábhar thuas.

Ag teastáil

- Prócaí glana suibhe le clúdaigh
- Samplaí ithreach
- Uisce

Modh

- Tóg sampla ithreach
- Líon timpeall aon triain den phróca le hithir, líon an chuid eile suas le huisce agus craith é go bríomhar
- Fág na samplaí le socrú síos sa phróca ar feadh 2-3 lá.
- Ba chóir go bhfeicfeá gur thit an gaineamh trom go bun an phróca. Socraíonn an siolta atá níos éadroime anuas air seo agus an t-ábhar is éadroime, an chré anuas air sin.
- D'fhéadfadh an húmas nó an t-ábhar orgánach a bheith ar snámh ar an dromchla.